

## *Iris na Gaeilge* 01

### FORWORD

'Iris na Gaeilge' has developed from our previous magazine 'Nuachtlitir na Gaeilge' and we hope it will be a fully Irish language publication in a few years. In the meantime, and until we have gathered our readers, our first few pages will be in English. Seven articles in Irish by well-known workers for the Language will follow. The final pages will feature articles from the Irish language newspapers. A list of contributors is given as follows

### NUAIGHT

So far in 2001, a number of events of great importance for the Irish language in the U.K. took place. All those events required hard work and much dedication. All of them were first-time events in England.

In February a week-end was held at Stiperstones, Shropshire, for fluent Irish speakers. It was organised by Fran o'Brien and was a great success. Twenty people from all over the country attended. There was much discussion in Irish, a forum which was guided by Christy Evans and a 'question time' conducted by Patrick Duffy were among the enjoyable events. Some hill-walking took place, much photography, as well as chatting and exchanges about experiences with the language.

In the Derbyshire Peak District, at Hope, Christy Evans brought 60 Irish language enthusiasts together for three days at the end of May. They divided themselves into three groups according to fluency and experience of Irish. Classes were from 10 to 5 pm. The teachers were Liam O'Brien, Mairéad Holt and Liam Mcloughlin.

### CONTENTS

Nuacht	
Profile	Sally Richardson
Dutch Courage	Gary Desborough
Ten Languages die	
The Four Provinces Bookshop	
An Ghaeilge i gContae Liatroma	S.Ó Suilleabháin
An t-Oideachas san Egipt	Isobel Ní Riain
Béal Feirste go brách	Seoirse Ó Broin
Litreacha Meiriceácha	Máire Ní Chuinn
Foras Na Gaeilge	
Mairéad (Filíocht)	Máire Ní Chuinn
Cúrsaí Ros Goill	
An Turasóireacht Ghaelach	Caitiróna Ní Bhaoill
An Machaire Geallainn	Paisceal Ó Fionnain
Coláiste na nGael	

During the course of the year there will be similar courses at Church Stretton (Shropshire), Bath, Basingstoke and Witham (Essex).

Another first-time event was the 'Falroid', which took place at the British Museum, London on June 10th. Over 50 people gathered at the museum to see the exhibition of ancient Irish gold now on view there. Similar events are being planned: to visit places and exhibitions of Irish interest, including drama.

Many Irish-speaking people attended the " Irish Language film festival" which took place at the "Tricycle Cinema", Kilburn, London. This is now an annual event. The growth and standard of films in the Irish language is so 'encouraging'.

This magazine, "Iris na Gaeilge", has received generous support from Bord na Gaeilge.

**Profile:-** Sally Richardson

I have always been fascinated by language – how it works, how it develops through the

ages, how people use it - and when I became actively involved in things Irish, I couldn't resist the opportunity to start learning the language. In any case, working as I do in an Irish bookshop, it became imperative for me to learn something of the language so that I could order stock and advise customers.

My initial interest in Ireland was political. I came to live in England in 1969, when I was eleven (I was born in Canada),

Language is a political issue in many parts of the world. Reclaiming the Irish language is an essential part of reclaiming and asserting Irish identity. It's only when we recognize and accept cultural differences that we begin to understand that different cultures actually have a great deal in common with each other.

I read English at university. I think about half the authors on the syllabus of a university English course must actually be Irish - Joyce, Yeats, Swift, Edgeworth, Shaw, Beckett, Heaney .....even the Brontes were second-generation Irish! Learning Irish (and knowing something more of Irish history) has helped me to go back to these authors and find all sorts of things in their work that is missed when they are looked at from an Anglocentric perspective. The Irish language has shaped the way the Irish use English and its structure and vocabulary are evident in the work of many Irish writers.

I try to pick up on the variations in dialect. Although there is a case for standardization a good deal of colour is lost from a language if dialectal differences are ironed out. I come from North of England stock and so I am already attuned to English dialect. Early Gaelic League activists were absolutely right to concentrate on promoting the kind of Irish that was actually spoken by native speakers.

Another reason why I wanted to learn Irish - to gain access to the great literature in Irish. Reading one of Nuala Ni Dhomhnall's poems in translation set me to try to read her work in the original and I have puzzled my way through part of the legend of Diarmuid and Grainne.

The Irish language is the common property of all the people of Ireland - Catholic, Protestant or whatever else. My wish is that more and more people understand its value use it, promote it and take pleasure in it.

Sally Richardson

## Dutch courage.

Why do people, other than those who are Irish, wish to learn the Irish language. The case of Gary Desborough from Northants may tell us something.

He has lived in Holland for the past ten years, has married a Dutch girl, and speaks fluent Dutch. When looking at Dutch television he saw, that over the years, English was pushing Dutch off the tv screen. Further reflection helped him realise that all of the small languages were suffering in the same way. It seemed to Gary that such languages had not much longer to live. He decided to learn Irish.

He had no Irish ancestors. He approached some of the many Irish people who live in Holland. All of them assured him that they spoke Irish. Yet when he asked for some help or advice, none was forthcoming.

He went to Ireland then, looked around Galway and some of the other towns. No one had any time to help him in his quest, or to advise him. He went into the Gaeltacht. The same story. Everyone was "so busy", hadn't a minute to spare!". So, seeing that Ireland was so busy he returned to Holland and got on the internet.

There he saw details about Cambridge Irish Language Group. He telephoned one of its members. After discussing the problem, Gary Desborough decided to purchase *Buntús Cainte*. This gave him a good tape and a booklet with 720 Irish words which is almost enough to speak good basic Irish. This is far more comprehensive than the courses given at most U.K. Technological colleges in " holiday" French, Spanish etc.

When last heard of Gary Desborough was doing fine with his Irish studies. He has also begun to search an English-Irish dictionary for Irish words which look and sound like English words of the same meaning. This can quickly expand his vocabulary.

We wish this English (Dutch) enthusiast success in his attempt to learn our language

## Ten Languages die each year.

Language diversity and population density are not in proportion. 96% of languages are spoken by only 4% of the world's people, and more than 80% are limited to one country. Only about 20 languages are each spoken by 100 million people in several countries

The Millennium Family Encyclopaedia estimates that about a half of the world's people use, each day, one of the 8 international and most widely used languages, which are: Chinese (1.2 billion), English (478 million), Hindi, Spanish, Russian, Arabic, Portuguese and French.

Because of this inequality, experts predict that 95% of existing languages will disappear during the next century. Currently, each year, ten languages die somewhere in the world. It is notable that many languages perish in regions of great language diversity.

In Africa, more than 200 languages, each with less than 500 speakers, are about to become extinct. Indeed, it is estimated that for the survival of any language, at least 100,000 speakers are necessary.

In North America, the strongest threat is experienced by native and Creole languages. In the USA and Canada those 200 languages that have survived up to now are found to be in danger, except the Navaho, Cree and Ojibwa.

Of the 500 or so Indian languages of Latin America, between a third and a half are endangered. The biggest decrease is forecast to be in Brazil, where the majority of languages are spoken in very small communities.

Each of the languages of South-East Asia have a relatively large number of speakers, so that the future of 40 of its approximately 600-700 languages will be defined principally by the language policies of the states.

On other hand, only 6 of the other languages of NE Asia have a real chance of surviving the encroachment of Russian.

In Europe, 123 languages are spoken of which 9 are almost extinct, 26 in serious danger, and 38 in some danger.

From "ESPERANTO TODAY"  
June 2000

## The Four Provinces Bookshop

by Sally Richardson

The Four Provinces Bookshop is the bookshop of the Connolly Association. The bookshop has been going since 1966 - but the Connolly Association was founded back in 1938, to carry on the campaign within Britain for Irish unity and independence and as a support group for Irish people in Britain. We take our name, of course, from James Connolly, whose writings and example continue to inspire us.

The bookshop stocks a wide range of Irish material - history, politics, literature, art, music - much of which is not easily available in mainstream British bookshops. A good deal of our stock comes from Irish publishers, many of which are small businesses who do much to ensure that a whole range of voices are heard. It is important that the big multi-national publishers don't have it all their own way and that genuine choice is provided for the reading public.

Our Irish language section is extensive - we stock most of the course books and tapes that are available, along with a wide selection of Irish texts - new writing as well as established classics. The help and advice given to us by Diarmuid Ó Cathasaigh and his colleagues at ÁIS has been vital.

Although most of our customers are Irish or of Irish descent our customers have included Italians, Japanese, Spaniards, Basques, Germans, as well as the Irish diaspora from North America and Australia. Ireland has friends everywhere.

We stock a range of traditional Irish music on tape and CD, as well as songbooks and books about music. Traditional song is a particularly accessible way of approaching the Irish language.

As well as the Connolly Association's own paper, the Irish Democrat, which has been published continuously since 1939, we stock newspapers and magazines, including Books Ireland, History Ireland, Irish Music, *Tiocfaidh Ár Lá!* and the new journal *The Republic* which is published by the Ireland Institute.

We provide a mail order service and our catalogue has a Irish Language supplement in which we try to provide as much information and guidance as we can for customers - so do phone or write if you are interested.

The Four Provinces Bookshop  
244 Grays Inn Road  
London WC1X 8JR

Tel 0207 833 3022

## An Ghaeilge i gContae Liatroma

Seán Ó Suilleabháin,

A lot of positive developments have taken place in Leitrim in recent years relating to the promotion of the Irish language. A lot of people are enthusiastic about learning Irish and speaking what Irish they have.

People also see a lot more Irish about them; it is used more on road signage, shop fronts etc. One of the most remarkable developments in recent years in relation to Irish in Leitrim has been the policy of Leitrim Co. Council to erect bi-lingual signage.

### Road Signage as Gaeilge

Tá gach fogra anois i mBéarla agus i nGaeilge. Throughout the county you can see signs like "Cloichíní scaoilte/Loose chippings", "Bóthar dúnta/Road closed", "Bí ullamh chun stopadh/Prepare to stop", "Mór Oibreacha bóthair romhat/Major road works ahead" etc.

The importance of these signs is that they serve to remind people that Irish is a living language in our midst daily. Traditionally, Irish place names, directional signs and town street signs have been bilingual. However, the general informational signs are more likely to contain words and phrases that people with little Irish may understand.

Leitrim has set a national headline in this regard and many counties are now following. A lot of credit for this development goes to people like Paddy Phelan, now acting Co. Engineer and Francie Bohan in charge of stores with Leitrim Co. Council.

## An t-Oideachas san Éigipt

Isobel Ní Riain

An chéad rud a ritheann liom ag cuimhneamh dom ar na ceithre bliana atá caite agam ins an Éigipt ná an meas ar leith atá ag na hÉigiptigh ar an oideachas. Caitheann leanaí óga an chuid is mó den lá ag foghlaim ní hamháin ar scoil ach nuair a fhilleann siad ón scoil bíonn ranganna príobháideacha acu. Cuirtear an-bhéim ar theangacha iasachta a bheith ag daoine óga; tosníonn cuid mhór de na páistí de shliocht mheánaicmeach ar an mBéarla nó ar an bhFraincis agus iad sa naíonra agus leanann siad orthu ag staidéar trí mheán teanga iasachta go dtí an IGCSE nó an diplóma Francach.

Faigheann páistí eile a gcuid scolaíochta tríd Ghearmáinis nó an Iodáilis. Bíonn an Araibis acu gan amhras pé scéal é ón uair gurb í an teanga náisiúnta na hÉigipte agus teanga an chreidimh anuas air sin. Don gcuid is mó éiríonn le daoine óga an

teanga iasachta agus an Araibis a thabhairt leo slán idir labhairt agus scríobh na dteangacha, ach tá inní orm gurb í an Araibis a bheith thíos leis an mbéim seo go léir a chuirtear ar an mBéarla go h-áirithe. Fiú nuair a bhíonn an Fhraincis nó an Ghearmáinis mar theanga scoile ag páistí, fós braitheann siad go gcaitheann siad an Béarla bheith acu chomh maith toisc gur teanga 'idirnáisiúnta' an Béarla.

Tá scéal na hAraibise beagáinín casta dar ndóigh. Ní hí an teanga labhartha an teanga scríofa. Is geall le dhá theanga ar leith iad cé gur 'Araibis' an dá cheann. Agus ní hionann an teanga scríofa sa lá atá inniu ann agus Araibis an Qur'an. Má théann duine trí chóras an Bhéarla beith gnátharaibis na tíre aige ach uaireanta ní go ró-mhaith a bhíonn an Araibis scríofa aige.

Tá an baol ann go mbeidh laghdú cumais i gceist i ndiaidh tamaill dála na hAraibise de i measc na meánaicme. Ní chaillfear an Araibis go deo gan amhras. Ach bím amhrasach faoin stádas a bhronntar ar an mBéarla sa tír.

Is ait liom a bheith ag múineadh Béarla anois go mórmhór i ndiaidh dom dhá bhliain a chaitheamh i London ag múineadh na Gaeilge. Ach ag deireadh an lae ní haon ualach teanga breise a bheith ag duine. Deirim igcónaí leis na mic léinn atá agam san Éigipt gan dearmad a dhéanamh ar an Araibis ar mhaithe leis an mBéarla mar nach aon dea-mhalartú é.

### Isobel Ní Riain,

údar *Hilda, Alex* agus *Hilda*

Agus Seán

(leabhair bheaga a scríobh sí do leanaí i Sanana atá ag foghlaim na Gaeilge

## Béal Feirste go brách

Seoirse Ó Broin

Cé gur rugadh mé i mBéal Feirste, d'fhág mé an chathair i 1937, agus is mór an fás a tháinig air ón am sin. Tá mé anbhródúil as, mar fuair mé oideachas iontach óna Bráithre Críostaí ann. Anois tá léargas níos leithne agam ar an áit. Tá an chathair stairiúil - bunaíodh na hÉireannaigh Aontaithe ann i 1791, agus maidir le ceol, tharla féile na geláirseoirtrí ann i 1792, a ndearna Edward Bunting na nótaí a scríobh síos. Bhain Tomás Moore feidhm as an cheol chun cur leis na h-amhráin a chum sé. Tógadh an Titanic ann sa longlann i 1912 i gcuideachta chuid mhór long cáiliúil eile. Deirtear go bhfuil Béal Feirste trodach

agus contúirteach. De gnáth níl contúirt do dhuine ann má tá ciall aige. Ar dhóigh eile tá sé iomaíoch. Is maith le gach taobh a bheith in iomaíocht lena chéile, agus tá sé sin le sonrú i gcúrsaí oideachais agus i ndéanamh oibre. Tá féile agus flaithiúlacht coitianta i measc na ngnáthdhaoine, agus náthaíocht greannmhar flúirseach.

Thosaigh an chéad bhunscoil Ghaeilge agus Gaeltacht bheag ar Bhóthar na bhFáil. Bunscoil Phobal Feirste an t-ainm atá air anois, agus tá foirgneamh galánta acu le tamall beag. Bhí an Ardscoil i réim óna fichidí, bhíodh céilithe go rialta ann agus ranganna Gaeilge do dhaoine fásta.

Thosaigh *Lá* mar nuachtán laethúil ann le Gearóid Ó Cairealláin mar eagarthóir. Lean sé ag teacht amach go dtí na h-ochtóidí go ndeachaidh an Ardscoil trí thine *de thaisme de réir scéala* agus aistríodh foilsíú *Lá* go dtí Cumann Chluain Ard ardáras na Gaeilge sa chathair agus tá sé beo bíoga go fóill. Daoradh cuid mhór Náisiúnaithe chun príosúin agus campaí imtheorannaithe gur fhoghlaim siad Gaeilge go fonnmhar. Tugadh ainm faoi leith ar na príosúin – na Jailtachtaí. Thosaigh na scoileanna Gaeilge le h-airgead na mbochtán, méid acu difhostaithe. Fuair siad cabhair le h-airgead ó Mheiriceá agus Aontas na h-Eorpa,

I ndíadh tamaill bhí seaneaglais Protastúnach folamh le fáil ar cíos ar Bóthar na bhFáil, agus athchóiríodh agus athríodh é go seomraí le bialann, siopa leabhar, halla dramaíochta, ionad ealaíne, oifigí nuachtáin agus seomraí ranga don Mhéanscoil nua a lonnú ann. Tugadh Cultúrlann Mhac Adam Ó Fiaich ar an tsólann nua. Chruinnigh na Gaeilgeoirí ann i rith an lae agus deirtear gur choinnigh sin as trioblóid iad mar bhí cuid mhór acu gan obair cheart. Bíonn drámaí, léachtaí, lánseálacha leabhar nua, agus taispeántais ann agus go leor tionschamh eile.

D'éirigh go seóigh leis an Mhéanscoil, agus bhain sé gradam amach i dTuaisceart Éireann níos fearr ná na méanscoileanna eile, a thug misneach do na scoláirí agus a thuill deontas ó rialtas Shasana. Anois tá an Mhéanscoil chéanna i bhfoirgnamh fóirsteanach dí

Eagraítear turasanna go hAlbain agus áiteanna stairiúla sa Tuaisceart agus san Eoraip. I mbliana ghlac mé páirt sa turas go Páras le Cumann staire Uí Fhiaich agus bhí sé ar fheabhas. Ba bhreá Coláiste na nGael a fheicsint.

Tháinig eagrais eile chun chinn 'Iontaobhas Uladh' le Gaeilge a leathadh taobh amuigh den cheantar Náisiúntaíoch agus tá obair fhiúntach déanta acu siúd

chomh maith. Tá Aodán Mac Póilín ina riarthóir air agus is mór an eagna is reachtanach dó le h-obair mar sin a láimhseáil.

Tá an téileamh chomh mór sin ar mhúinteoirí cáilithe Gaeilge sa chúige anois gur deachair é a shásamh. Tá bunscoileanna nua ag fás ar fud an chúige agus spreagann sin suim sna tuismitheoirí.

Ní bhfaigheann gach scoil deontas ón Roinn Oideachas. Braitheann sé ar uimhir na ndaltaí agus an chóras teagasc i bhfeidhm. Níl an t-eolas iomlán agam ar uimhir na scoileanna, ach tá an oiread is mó acu i gceantair náisiúnaíochta. Ag an tús bíonn ualach mór ar thuismitheoirí foc astu.

Tá ar a laighead deich mbunscoil Gaeilge agus náischoileanna in áiteanna eile cosúil le hArd Eoin. Seo iad na scoileanna agus na ceantair 'na bhfuil siad:

Bunscoil Phobal Feirste	Bóthar Seoighe
Bunscoil na bhFáil	Corrán Uibh Eachach
Bunscoil na Fuisioige	Cill Uaighe
Bunscoil an Droichid	Stáid Cooke, BótharOrmeau
Gaelscoil na Móna	Lóiste na Móna
Gaelscoil Mhic Reachtain	An Lóiste Úr
Gaelscoil an Ghleanna	An Poll Glas
Gaelscoil Bheann Madagáin	Cliftonville
Gaelscoil an Lónáin	Íochtar Bhóthar na bhFáil
Bunscoil an tSléibhe Duibh	Baile Uí Mhurchú

Cuidíonn cuid mhór scoileanna dátheangacha le teagasc na Gaeilge, go mór-mhór na Bráithre Críostaí. Tá Coláiste Mhuire ar Bhóthar na bhFáil ag traenáil múinteoirí scoile le Gaeilge. Chuala mé go raibh aitheantas ag Coláiste an Lagáin do mhúineadh na Gaeilge. Is coláiste idirchreideamhach é.

Gach bliain bíonn Féile iar-Bhéal Feirste ar siúl ar Bhóthar na bhFáil ar an chéad sheachtain de Mhí Lúnasa agus cuirtear amach bróisiúr i nGaeilge agus i mBéarla. Fíor-Charnabhal a bhíonn ann agus socraíonn an Chultúrlann lóistíní do chuirteoirí ar phraghas íseal go leor. Molaim an tseachtain sin do gach éinne. De ghnath ag an am chéanna bíonn féile cosúil leis in Ard Eoin agus san Lóiste Úr. tChíodh tú áilleacht na cathrach agus na timpeallachta agus bolóidh tú an t-aer glan follán ag teacht óna sléibhte a chuirfeadh spionnadh id chorp. Beidh tú ag bocléimnigh thart leis. Ar ndoigh caithfidh tú cuairt a thabhairt ar reilig Bhaile an Mhuilinn chun uaigneanna na loachra a fheicsint, san áit ar cuireadh daoine chun báis ag sochraid an triúir óglach a lámachadh i nGiobraltar.

Feicfidh tú na háiteanna gur fiú dul ann. Ná bíodh eagla oraibh Gaeilge a labhairt chomh minic agus is féider libh; seachnaigí na ceantair gharbha ar chomhairle ó lucht an tí 'na bhfuil tú. Faighighí amach na tithe tabhairne gur cheart ól iontu.

Ní bheidh bomaite doiléir agat ann! Seo iad na háiteanna suimiúla gur fiú féachaint orthu nó iontu:

Stormont, áit an Tionóil  
Músaem Uladh, Bóthar an tSrutháin Mhilis  
Gáirdíní na mBláthanna, taobh leis an Músaeim.  
Leabharlann an Halla Línéadaigh, Plás Wellington  
Seipéal Mhuire, Sráid an tSeipéil – an chéad eaglais  
Chaitliceach i ndiaidh an Reifirméis. Bíonn Aifreann  
Gaeilge ann ar an Domhnach.  
Eaglais Naomh Maolmhaíog, Sráid Alfred, atá álainn  
istigh  
Ardeaglais Naoim Áine, Sráid Dhún na nGall,  
Eaglais na hÉireann  
Ollscoil na Ríona  
Reilig Shráid Clifton ina bhfuil Anraoi Mac  
Reachtain curtha  
An Chromleac ag Fáinne na bhFáthach

## LITREACHA MEIRICEÁNACHA

Máire Ní Chuinn

Bhí fear óg fadó a bhí ag obair insan ollscoil Washington, téis a dhéanamh aige ar an méid airgid a cuireadh ar ais go hÉirinn, ins an drochshaol, ó Meiriceá. Ins an ngorta agus cogadh na talmhan, fuair na hÉireannaigh fundúireacht ó na himircí a sharaigh an Marshall Aid a tugadh don Eoraip i ndiaidh an Chogaidh Mhóir seo chuaidh thart. Giovanni Costigan a bhí mar ainm ar an lead óg seo, agus rinne sé sar thaighdiú ar an cheist. Tríd an Immigrant Bank a cuireadh na seiceanna agus na nótaí ar ais chuid na bochtaibh a bhí ag strachailt faoi learbhroid mar ba gnáth san am sin.

Fuair sé amach nach ndearnadh aon mhaitheas do na bochtaí as an mol mór airgid sin. Ní cuimhin liom anois cé mar mhínigh sé an scéal, ach is dóiche na rud eile go ndeachaidh nócha faoin gcéad de i bpócaí na dtiarna talmhan, agus isteach insan arm, an cabhlach, agus an seirbhís rúnda Gallda. Bhí an córas gadaíochta do b'éifeachtaigh ar domhan ar siúil ag na h-údaráis Bhreatnacha. In aineoin gach deachrachta, mar sin féin, shábháil na himircí dílse cuid dá muintir on megabhás.

Níor cheart dúinn ariamh, dearmad nó neamhiontas a dhéanamh den sclábaíocht a rinne ár ngaolta ins na Státaí Aontáithe chun sinn a shábháil ón

gcinedhiothadh a bhí a imirt orainn ins an naoú céad déag. Tuigim gurbh iad is mó a bhí freagarthach as na toíthe phobail Caitliceacha a tógáil. Chuaigh cuid dá maoin saolta as tred sin, ach indiaidh sin is uile, ár muintir féin a bhí ins na sagairt, agus cuimhnítear go raibh ar na bochtáin an ministir Protastúnach a chothú insan drochshaol.

Bhí sé de nós ariamh anall ag mo mhuintir chonallach teicheadh ón anró agus an léarbhroid, agus imeacht go dtí Pennsylvania, áit a raibh obair go leor do chách. Siad na hÉireannaigh a thóg na heaglaisí móra Caitliceacha i bPennsylvania. Bhí Easbog báful, Gearmánach ann, an Dochtúir Neumann, a thug aire speiséalta do na hÉireannaigh seanondúrach. D'fhóghlaim sé Gaeilge é féin chun plé leis na himircí croíbhriste, agus bhí sé chomh cineálta sin, go bhfuair sé bás ar an tsraid agus é marbhaíthe ag a chuid oibre as son na mbocht.

Is dócha go raibh daoine as mo theaghlach curtha fútha sna Státaí, ins an naoú céad déag. Chabhraigh siad leis an sliocht úr teacht ina ndiaidh, agus bhí grúpaí mhóra de mhuintir ó Dhún na nGall ag maireachtáil, dlúite le chéile ins an mbaile mór Philadelphia. I ndiaidh ama, d'imódar amach go forbhaile darbh' ainm Upper Darby, agus i ndiaidh sin arís, nuair bhí Upper Darby ag éirí mi-oiriúnach, bhogadar níos fuide amach go New Jersey idir Pennsylvania agus an aigéan Atlantach, agus tá Drexel Hill ina fhorbhaile do Upper Darby.

Ins na fichidí, nuair bhíos féin i mo ghearrchaile, bhí driofúr ag mo mháthair lonnaithe ag Allentown. Bhí sí pósta ar fhear de shíolradh Ghearmánach, go raibh Leory-Burd mar shloinneadh air, agus an cáil amach air go raibh sé fial, flaitiúil, cineálta. Sorcha ab'ainm dom' aintín and bhíodh ionadh orm féin faoi na héadaigh faisíúnta a thagadh chuig mo mháthair óna Státaí Aontáithe. B'fhéidir gur ó Allentown a thainigh siad. Bhí driofúr eile ag mo mháthair agus bhí sise pósta agus curtha fúithí ag áit éigin suite ins an California, áit a raibh cuid mhaith Éireannach ón aimsir go raibh an ruathar óir sa gKlondyke. Ní fhaca mé Sorcha nó Áine riamh, ach bhí aithne agam ar uncal Mhícheál, a thánaigh arais óna Státaí i ndiaidh cliseadh Wall Street. Sílim go raibh an saol dona go leor, agus contúirteach chomh maith ag na Meiriceánaigh féin insan am sin, agus go leor daoine ag brath ar an 'oíche Shathairn' mar a thugadar ar an ngunnán a bhíodh leo agus iad ag fágáil an tige, ar an oíche sin den tseachtain. Mar sin féin, bhí an uncal sin ábalta a lán féiriní a cheannacht dom ar the Fhál Carrach agus é tagaithe arais on chliseadh Wall Street, an fear bocht.

Tá an ghlúin sin go léir imithe ar shlí na firinne le fada an lá, go ndeanaidh Dia a mhaith orthu go léir, agus d'fhág siad airgead Meiriceanach chun na sean daoine s'acu féin a chur go cuí. Tá colceathracha eile agam thall anois, d'imigh anonn ins na triocaidí agus na dachadaí, le cabhair ó na aintíní eile, aintíní a bhí ansin rompu agus a thug cuidiú dóibh i ngach slí, mar ba dhual dos na sinsir sa tseanaimsir. Tá neart Gaeilge acu agus scileanna acu ar an idirghríasán chomh maith, agus dóigh maith orthu. Bhí trioblóid go leor acu ag fáil isteach sa tír, idir thaistil go Baile Átha Cliath, scrúdaithe phisiciúla, scrúdaithe béil agus obair scríofa, docaiméadaí le líonadh, agus mar sin de. Ach sin scéal eile.

## Foras Na Gaeilge

Is é Foras na Gaeilge an comhlacht nua atá freagrach as an nGaeilge a chur chun cinn ar fud oileán na hÉireann. I gComhaontú Aoine an Chéasta dúradh go raibh Comhlacht Feidhmithe Thuaidh/Theas le bunú chun an Ghaeilge agus an Ultais a chur chun cinn. Faoi choimirce an chomhlachta sin, déanfaidh Foras na Gaeilge na freagrachtaí go léir i dtaca leis an nGaeilge a chur i gcrích. Áirítear ansin labhairt agus scríobh na Gaeilge sa láthair phoiblí agus phríobháideach i bPoblacht na Éireann, agus nuair atá éileamh iomchuí i dTuaisceart Éireann i comhthéacs Chuid III de Chairt Chomhairle na hEorpa um Theangacha Réigiunacha agus Mionlaigh.

Tá foireann Bhord na Gaeilge, an Ghúim (Foilsitheoirí) agus an Choiste Téarmaíochta (Forbairt Téarmaíochta) agus a ngníomhaíochtaí ar fad aistriú chuig an gcomhlacht nua.

Tá ról ag Foras na Gaeilge i dtaca le comhairle a chur ar riaracháin, Thuaidh agus Theas, chomh maith le comhlachtaí poiblí agus grúpaí eile sna hearnálacha príobháideacha agus deonacha i ngach gnó a bhaineann leis an nGaeilge. Ina theanta sin, déanfaidh siad tionscadail tacaíochta agus tabharfaidh siad cúnamh deontais do chomhlachtaí agus do ghrúpaí ar fud oileann na hÉireann.

Áirítear i bpríomhghníomhaíochtaí an Fhorais:

- eagraíochtaí agus gníomhaíochtaí Gaeilge a maoiniú
- an Ghaeilge a chur chun cinn (lena n-áirítear fógraíocht, comórtais, imeachtaí agus urraíochtaí)
- treoirleabhair agus ábhar achmhainní a fhoilsiú
- urraíocht a dhéanamh ar imeachtaí dátheangacha
- ceardlanna agus seimineáir oiliúna

- lainseálacha agus taispeántais
- leabhair Ghaeilge agus leabhair inspéise ó thaobh na Gaeilge a tháirgeadh, a daileadh agus a chur chun cinn
- téarmaíocht nua don Ghaeilge a fhoirmiú agus foclóirí nua Gaeilge a thiomsú agus a fhoilsiú
- tacú le hoideachas Gaeilge

Ná dearmad go bhfuil Foras na Gaeilge ann duitse agus, mar sin, má bhraitheann tú gur féidir linn cabhrú ná drogall ort teagmháil a dhéanamh linn. Tá an doras againn oscailte do chách.

## Mairéad

*Máire Ní Chuinn*

*Ó slán is céad le n-ár Mairéad  
A chothuigh tréad na Gaeilge, lá.  
Toujours, toujours, le h'arán úr,  
Le confiture, le cáca brea.*

*Bhí sise ann, le fuinneamh ban,  
Le 'húirlís ghlán, bhí sise réidh.  
Le neart is gaois, bhí sí ar bís,  
I réidh ar do'n obair gháth.*

*Do labhair linn i nGaeilge bhinn,  
Do chabhraigh linn ar chuil e dhóigh.  
Bhí ár Mairéad gan uabhar, gan éad,  
Rinn' gach dar fhéad nuair bhí sí beo.*

*Mo bhrón gur éag ár ndíl -Mhairéad  
A rinne éacht ó éirí lae.  
Céad slán a chroí, go raibh do chuí  
I measc na saoi i bPárrthas Dé.*

Go gcóiridh na nAingle do leaba sna Flaithis, a Mhairéad.

On se retrouve en Paradis.

Mairéad Uí Lee died on 1 January 2001

## Cúrsaí Ros Goill

Rinneadh athoscailt ar Choláiste Gaeilge Ros Goill (Na Dúnaibh, Co Dhún na nGall) sa bhliain 1983 agus ó shin amach tá ráchairt an-mhór ar na cúrsaí.

Is féidir freastal ar an chúrsa do sheachtain nó do choicís ag brath ar fhad do shaoire. Tá an cúrsa

dírithes ar dhaoine fásta 18 ar aghaidh. Bíonn bunrang, meán rang agus ádrang ann.

Cuirtear imeachtaí éagsula ar fáil i gcuideachta na ranganna teanga, ranganna damhsa, céilithe, óicheanta airneáil, turais staire agus farraige, coirmeacha cheoil, tráth na gceist agus a réir sin.

Tosaíonn an cúrsa ar an tseachtain dheireannach de mhí Iúil ag dul isteach ar an chéad seachtain de mhí Lúnasa.

£50 táille ana chúrsa seachtaine nó coicise. Is gá don scoláire a lóistín féin a shocrú agus tá liosta na dtithe lóistín ar fáil ar bhróisiúr an Chlóiste ach tú gabháil i dteagmháil lein an rúnaí:

Máire Nic Ascair  
8 Magheralane Road  
Baile Roghnaill  
Co. Aontroma

Fón 02894 472271

## An Turasóireacht Ghaelach

Caitríona Ní Bhaoill, Oifigeach Margaochta Intercelt

I 1999 tháinig 5.9 milliún cuairteoir go hÉirinn, agus tá 135,000 duine fostaithe sa tionscal turasóireachta, rud a léiríonn go soiléir go bhfuil an turasóireacht ar cheann de bhunchlocha eacnamaíochta na tíre. De bhrí go bhfuil an tionscal chomh mór agus atá, tá cumhacht agus tionchar faoi leith aige. Go bunúsach, aon mhargaíocht a dhéanann an tionscal turasóireachta, is margaíocht ar an tír í. Déantar ionannas idir na híomhánna a mbaineann an tionscal úsáid astu agus an tír seo - déanann siad 'pictiúr' a chruthú d'Éirinn. Ní mór go mbeadh freagracht agus cuntasacht ag dul leis an gcumhacht sin.

Tagann an dóigh a ndéantar margaíocht ar Éirinn agus an dóigh a bhfuil cúrsaí go fírinneach sa tír salach as a chéile. Cinnte, tá teachíní ceann tuí ann, ach is leis an mionlach a bhaineann siad. Ní hé seo a thugtar le fios as mhargaíocht. Tá éagóir déanta ag an lucht margaíochta ar an nGaeilge freisin, agus go deimhin is trua nach ionann a bhí in ndán dí agus a bhí don teachín uirthi i bhformhór, no fiú i ngach cineál margaíochta faoin tír seo. Ní aon iontas é, mar sin, go bhfuil an méid sin aineolais i measc cuirteoirí maidir leis an teanga. Déantar margaíocht as Éirinn mar thír aonteangach. Ní amháin gur mór an feall é sin, ach níl ciall ar bith ag baint leis ach an oiread. Cuireann sé in éadan an chleachtain mhargaíochta is fearr, is é sin gné shainiúil a roghnú mar ghléas

díolta. Is gné dhíreach den chineál sin í an Ghaeilge. Is neasc uathúil í leis an tréimhse Cheilteach atá thart agus is bunús í dár nua stair. Is cuid dhúcasach, más neamhfheiceálach féin í, dár gcultúr, agus sin ráite, tá sí mar íobairt i bhfabhar cailíní damhsa agus gleannta ceomhara lán de theachníní ceann tuí!

Tá Intercelt á reáchtáil ag Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, lár-chomhairle ar phobail na Gaeilge. Bunaíodh an togra in aghaidh an dímheasa oscailte a bhíonn ar an nGaeilge agus ar chultúr traidisiúnta na hÉireann i gcúrsaí margaíochta sa lá atá inniu ann. Rinne an tionscal neamhaird ar an fhianaise a thug le fios go soiléir go raibh cuairteoirí ag iarraidh idirghníomhaíochta níos lú, níos fíre le hÉirinn agus lena cultúr. Mothaíodh go raibh éagóir á dhéanamh ar chuairteoirí agus ar an nGaeilge araon, agus go raibh sé in am an scéal a chur ina cheart. Tá [www.intercelt.com](http://www.intercelt.com) ar an gcéad chéim le gréasán eolais a chruthú do chuairteoirí ar ghníomhaochtaí agus ar imeachtaí a bhfuil baint acu leis an nGaeilge agus leis an gcultúr Gaelach. Faoi láthair, tá eolas ag [www.intercelt.com](http://www.intercelt.com) ar breis is 200 gníomhaíocht, lena n'áirítear féilte, cúrsaí and seisiúin cheoil neamhfhoirmeálta. Tugtar an láithreán cothrom le dáta ar bhonn leanúnach agus bíonn 9,000 leathanach imprisin ar an meán aige gach mí. Tá pleanna ar bun le tionscadal Intercelt a leathnú le níos mó eolais a chur ar fáil do chuairteoirí agus d'Éireannaigh maidir leis an líon mór gníomhaíochtaí cultúra atá ar fáil dóibh.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó [www.intercelt.com](http://www.intercelt.com) nó [eolas@comhdhail.ie](mailto:eolas@comhdhail.ie)

## An Machaire Geallainn

Paisceal Ó Fionnain

Ins na Seascaidí, an fhaid a raibh mé ag múineadh scoile i Londain, ar bhuladh an chloig a chuir in iúl dúinn go raibh leathanta saora an tSamhraidh tosnuighthe, amach an dorais liom agus arais dom dom' árasan chun déanamh réidh d'éililt go mBaile Átha Chiath agus bualadh le múinteoir eile, mo fhíor chara, Séamas Mac Aodha. Annsin ar aghaidh linn ar an mbóthair go Gaoth Dobhair i nGaeltacht Dún na nGall. I measc na bagáiste 'san nglúastaean bhíodh sliothar agus dhá chamán. Cé gur as Condae Muineacháin an beirt againn ní gá a rá nach rabhamar ró chleachtaithe ag an iomaníocht, ach ba chuma!

Do'n snámh is mó a bhí mé féin tugtha, go mór mhór 'san fhairaige i Mhachaire Gheallainn i nGaoth Dobhair, 'an trá is sabháilte in Éireann'. Ní raibh mo chara ina shuaimhneas san uisce riamh ach ghlac



sé le'n snámh mar threanáil do'n lúthcleasíocht. Lúthcleasaí de'n scoth ab ea é. Bhuaidh sé Maratón Uile Éireann NACA trí bhliain in ndiaidh a cheile ins na Seascaidí agus glacadh sé gach aon deis is feidir leis chun treanáil a dhéanamh. Nuair a bhí sé faoi ghlas mar phriosúnach pholitiúil 'san Churrach ins na caogaidí chaith sé furmhór d'á ama ag rith lastigh de'n garraí. Agus geallaim gurb é an t'aon athríoch riamh a dhéineadh bogshodar ó stáisiún go stáisiún ag freastail ar an Loch Dearg, B'e lúthcleasaí a bheatha!

Sa teach Mhic Cnaimhsaí, ina raibh fáilte romhainn i gcónaí, a stopaimis. Bhí fear an tí ag obair thall in Alban agus toisc go raibh an captaen as baile dhéin an méid eile de'n foireann a thuilleadh chun chórais an tí a choiméad ar siúil. Níor chuala mé focal achrannach nó fiú focal Bhéarla eatarthu an t-am ar fad a bhíomar ag stopadh ann; an beirt caillín, Máire and Áine, agus na gasraí i gcónaí ag cabhrú le'n a mathair. Bean gealgháireach ab ea í ina raibh suim aici in imeachtaí an chroí. Mar Naomh Pól mheas sí nar cóir do dhuine bheith ina aonar, agus bíodh sí ag tuairimíocht ar maidin faoi na 'mban' a raibheamar ag damhsa leo an oice roimh ré.

De bharr na damhsaí céanna, a bhí ar siúil in áiteanna éagsula thár timpeall achan oíche, bhíodh amannaí béile ag sleamhnaigh níos déanaigh gach uile lá, ach ba chuma le muinntir an tí. Ní raibh baint acu leis an gclog. Bhíodh bia ar an mbord 'san chistín cúpla bomaití tar éis teach isteach dúinn, maidin, trathnóna nó oíche. An t'aon rud tábhachtach ná go raibheamar ag baint taithnimh as ár laethanta saora and go mbeadh bean an duine againn sar a n-imeochaimís.

Nuair a d'éirigh mé as múinteoiracht cuireadh stop le'm cúairteanna go Gaoth Dobhair as feadh roinnt mór blianta. Ach lean Séamas ar aghaidh do'n deireadh cé nach raibh se ábalta treannáil no fiú damhsa ceart a dhéanamh a thuilleadh de bharr dochair d'á chosaibh. Le déanaí, afach, bím ag dul arais ar thuras bhliantiúil, ag taisteal ó mBáile Átha Cliath ar bhus in ionad an ngluaisteáin agus gan camán ná sliothar liom. Áit tionsclach is ea Gaoth Dobhair anois, ach tá trágha Mhachaire Gheallainn mar a bhí ach amháin go bhfuil meadú curtha do'n piara ón gaibh mo fhíor chara ar snámh ina aonar lá Samhraidh sa bhliain 1987. Bhuail ionsaí chroí é 'san uisce. Samhlaím gur an chéad cheist a chuir an bean a' tí gealgháireach air nuair a casadh le chéile sa bFlaithis iad ná, Nach bhfuil bean agat fós?'

## Coláiste na nGael

### Church Stretton, Shropshire

October 13<sup>th</sup>/14<sup>th</sup> 2001

A weekend of Irish Classes in an attractive rural location. Church Stretton is served by regular trains from Cardiff, Manchester and London.

The course is run by volunteers and costs only £10. Contact Christy Evans, Shenfield High School, Alexander Lane, Shenfield, Essex C8RY or Cathal 01480 450 412

### Basingstoke Hampshire

November 17<sup>th</sup>/18<sup>th</sup>

A week-end of classes, social activities and historic walks. Basingstoke is only 45 mins from Waterloo Station and is ideally located for Oxford and Southampton.

The weekend costs £10.

Contact Neil DUNCAN

Basingstoke Irish Centre,  
Council Road, BASINGSTOKE Hampshire RG21 3DH  
or Tel 01256 44501

### Book Recommendation - Christy Evans

Isobel Ni Riain is a talented and imaginative writer. As well as Irish, she speaks Arabic and is a well traveled and respected Gaeilgeoir. Isobel has written a number of charming books which have been published by An Gúm.

The books are usually set in England and are attractively illustrated. They are ideal for learners of Irish, as well as the children of native speakers. The Irish is clear and avoids some of the idioms which might confuse the learner. "Cé hé Alex?" and "Hilda agus Sean" are part of a series which are indicative of the resurgence of Irish Language Publishing.

An GÚM, 44 Sraid Ui Chonail Uacht., Baile Átha Cliath  
Four Provinces London 020 7833 3022

---

---

## Píosaí as *Foinse*

### Is deartháireacha fola sinn, na Gaeil, na Bascaigh agus lucht na Breataine Bige.

*Foinse 8/4/2001*

Bhí mé ag ceapadh go raibh na Bascaigh agus muintir na Breataine Bige beagnach chomh craiceáilte linn féin, ach tá sé oifigiúil anois.

Rinne eolaithe in ollscoileanna in Oxford, London agus California taighde ar DNA, a tógadh as 88 duine i dtuaisceart na Breataine Bige, 146 duine as Éirinn a raibh sloinnte Gaelacha orthu, agus 50 Bascach.

Fuair siad amach go raibh patrún gineolaíochta fíorchosúil sna crómasóin-Y (a théann ar aghaidh ó athair go mac) i measc an trí grúpa.

Go bunúsach, is deartháireacha fola sinn. Meastar go léiríonn an staidéar gur iarsmaí iad na pobail dhúchasacha in Éirinn agus i dtír na mBascach de na pobail a mhair san Eoraip roimh theacht na feirmeoireachta go dtí an áit. I bhfocail eile, sular baineadh na crainnte.

Tá an ceangal idir Éire agus Tír na mBascach sách soiléir... ní gá ach breathnú ar na pictiúir fhuilteacha ar an nuacht teilifíse. Ach céard faoi na Breathnaigh?

---

### Méadú ar mhinicíocht an lucht éisteachta

*Foinse 8/4/2001*

Léirigh suirbhé a reachtáil MRBI do Radio na Gaeltachta go bhfuil céatadán 32% d'éisteoirí meallta ag an stáisiún ag an bpríomham craolta. Déanann Seán Tadhg Ó Gairbhí anailís ar na torthaí.

### Ciarraí agus Dún na nGall

Tá figiúirí éisteachta RnaG nach mór dúbailte i gCiarraí. I 1995 ní raibh ach 35% de lucht éisteachta Chiarraí a d'éist le RnaG ag am éigin i rith an lae (anois tá 71%). Is cinnte go raibh dlúthbhaint ag teip an stáisiúin sa cheantar le láidreacht Radio Kerry, stáisiún a sciob ó RnaG an-chuid dá lucht éisteachta meánaosta, le cláracha ar nós The Rambling House agus leis an tsuim a léirigh siad i muintir na Gaeltachta go ginearálta.

B'amhlaidh an scéal i nDún na nGall (31% i 1995 suas go dtí 44% i mbliana, áit a raibh Highland Radio ag díriú go mór ar phobal na Gaeltachta.

Is suimiúil nach raibh na fadhbanna céanna le sonrú i gConamara, áit nár léirigh an stáisiún áitiúil Béarla Galway Bay FM suim dá laghad i bpobal na teanga go dtí le fíordhéanaí.

Ghoill an turaim go raibh RnaG claonta i leith mhuintir Chonamara go mór ar lucht éisteachta na nGaeltachtaí eile chomh maith.

Is cinnte go raibh baint ag na rudaí seo ar fad leis an stáisiún a ghríosadh chun gnímh sna ceantair seo, trí chláracha nua a chur ar fáil dóibh.

Chuaigh siad, mar shampla, ar Chamchuiart Chiarraí chun a thaispeáint do mhuintir Chorca Dhuibhne nach rabhadar scaoilte chun dearúid acu. Is soiléir gur éirigh go breá leo a dteachtaireacht a chur i bhfeidhm orthu.

### Cluas eile?

De réir an tsuirbhé éisteanann 82% de lucht éisteachta RnaG leis an stáisiún mar go gceapann siad nach bhfreastalaíonn na meáin i mBaile Átha Cliath ar a mianta. Dar le ceannaire RnaG, Tomás Mac Con Iomaire, is fúthusan amháin anois atá gort na Gaeilge a threabhadh.

Díol suntais, chomh maith, is ea an figiúr seo don lucht Raidió i Montrose. An bhfuil an craoltóir náisiúnta ar TG4 agus RnaG chun a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh? Is léir ón bpobal-bhreith nua seo go bhfuil.

### Daoine Óga

Tús maith leath na hoibre ach tá ualach oibre fós le déanamh ag RnaG má tá siad chun daoine óga na tíre a mhealladh chun éisteachta. Tháinig méadú an-bheag, 2%, ar líon na ndaoine óga (15-24) a éisteanann le RnaG ach ní bheadh sé an chéad mhéadú mar seo atá feichte riamh ag an stáisiún.

Ní fhéadfadh éinne a shéanadh go raibh baint nach beag ag *An Taobh Tuathail* leis an méadú céanna (tá lucht éisteachta de 14% aige).

Maidir leis na liricí Béarla nach gceadaítear ar RnaG, is soiléir nach gcuireann siad as rómhór do dhaoine a thuilleadh.

Tháinig titim ar an éileamh orthu ó 27% i 1995 síos go dtí 15% i mbliana. Fós féin is é an lucht meánaosta céanna a shamhlófaí le Radio 1 gur maith leo RnaG.

**Quote.....Unquote**

"Indeed it can be argued that the loss of the Irish language is the decisive event in Irish history, since it altered radically the self-understanding of the Irish and destroyed the continuity between their present and their past".

The Oxford Companion to Irish History. Oxford University Press 1999.

"The further back you look, the further forward you can see!".

Winston Churchill, 1874- 1965.

" Perhaps of all the creations of man language is the most astonishing".

Lytton Strachey. 1880-1932. 'Words and Poetry'.

"I would have liked to go to Ireland, but my grandmother (Queen Victoria) would not let me!. Perhaps she thought I wanted to take over the little place!".

Kaiser Wilhelm 11 (1859-1941). King of Prussia and Emperor of Germany. From 'Carson', Montgomery Hyde.

"The big question is whether English is a killer language, its global advance leading to cultural domination".

Evening Standard, 'Londoner's Dairy', 4 Dec. 2000.

"Worth seeing?. Yes, but not worth going to see!".

Said about the Giant's Causeway. Dr. Samuel Johnson 1709-1784.

"If there is no God, it is serious!. If there is a God, it is twice as serious!

Bono, U2. The Daily Telegraph (Week-end magazine) 4 Nov. 2000.

**Irish language and Food**

**An Cupla Focal** *Belfast*

**An Caife Glas** *Culturlan Mac Adam Ó Fiach*

'**Dáil Bia**' 46 Kildare Street, Dublin,

'**3D**' 3 Dawson Street. Dublin

If you know of similar Irish speaking restaurants outside the Gealteacht, please let us know.

**LÍNE THARTHÁLA: HELP LINE!**

For information about Irish language activities in the London and Cambridge areas, the following may be able to help:

Mr. C. O'Beirne,  
4 Duncan way,  
Hungtingdon, Cambs., PE18 7SZ.  
Tel 01480 450412

Mary Kelly,  
31 The Leys,  
Woborn Sands, MK17 8QF  
Tel 0198 585196

---

**SAOL:**

Nuachtiris Mhíosúil Phobal na Gaeilge  
7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2  
Guthán +353 1 6763222

**LÁ**

'Nuachtán don tríú mílaois'

Rannóg na Síntúis, 301 Bóthar an Ghleanna,

Béal Feirste, BT11 8BU

Guthán: Béal Feirste 501111

Láithreán, [www.nuacht.com](http://www.nuacht.com)

Cuirtear LÁ i gcló gach Máirt agus cuirtear sa phost é gach Céadaoin.

**Foinse**

An Cheathrú Rua,

Co. Na Gaillimhe.

Tel +353 91 595520

Fax +353 9 595524

Riomhphost: [nuacht@foinse.ie](mailto:nuacht@foinse.ie)

Láithreán: <http://www.foinse.ie>

**ÁIS.**

Áisinteacht Dáiliuchán Leabhar,

Book Distribution Centre,

31 Fenian Street, Dublin 2.

Telephone(+ 353 1) 661 6522/ 6259.

**Gaeilge ar an Ghréasan:**

[www.smo.uhi.ac.uk/gaeilg/ gaeilge.html](http://www.smo.uhi.ac.uk/gaeilg/gaeilge.html)

Irish Language and cultural Information:

[www.intercelt.com](http://www.intercelt.com)

Publishers: Cambridge Irish Language Group

Design & Layout: Irial and Mary MacGinley.

Iris na Gaeilge can be read on

<http://welcome.to/irishcambridge>

Information:

C. O'Beirne,

4 Duncan Way,

Hartford, Huntingdon,

Cambs.,

PE29 1SZ. Tel 01480 450412